# Treoir do Bhallstáit maidir le nós imeachta Idirghabhála ELA

**LÚNASA 2022**

## Clár na nÁbhar

Réamhrá ...3
Céard iad príomhphrionsabail na hidirghabhála os comhair ELA? ...4
Céard iad príomhghnéithe nós imeachta idirghabhála ELA? ...4
Tabhairt faoi idirghabháil os comhair ELA ...5
Céard iad na díospóidí ar féidir iad a idirghabháil os comhair ELA? ...6
Conas a thionscnaítear cásanna d'idirghabháil? ...6
Cé ag a bhfuil cead idirghabháil chuig ELA a iarraidh? ...6
Conas is féidir le Ballstát iarratas ar idirghabháil chuig ELA a iarraidh? ...7
Cén uair a bhfuil díospóid inghlactha chun críche idirghabhála? ...7
Céard a tharlaíonn má dheimhníonn ELA go bhfuil díospóid deimhnithe? ...8
Conas a oibríonn an chéad chéim den nós imeachta idirghabhála? ...9
Toradh A: Comhaontaíonn na Ballstáit ar thuairim neamhcheangailteach ...10
Toradh B: Ní chomhaontaíonn na Ballstáit ar thuairim neamhcheangailteach ...10
Conas a oibríonn an dara céim den nós imeachta idirghabhála? ...10
Toradh A: Comhaontaíonn na Ballstáit ar thuairim neamhcheangailteach ...12
Toradh B: Ní chomhaontaíonn na Ballstáit ar thuairim neamhcheangailteach ...12
Céard a tharlaíonn nuair a bhíonn clabhsúr curtha leis an bpróiseas idirghabhála? ...13
An féidir le Ballstáit idirghníomhú leis an gCoimisiún Riaracháin? ...13
An féidir le Ballstáit tarraingt siar ón nós imeachta idirghabhála? ...13
Na Teimpléid agus Foirmeacha ...14
Litir iarratais ar idirghabháil ó Ballstá(i)t chuig ELA ...14
Ráiteas Mionsonraithe ó Bhallstá(i)t chuig ELA ...16
Litir fógra chun cur in iúl do Bhallstá(i)t go bhfuil an chéad chéim ar tí tosú, ó ELA chuig Ballstá(i)t ...18
Freagair don fhógra go bhfuiltear ar tí tús a chur leis an gcéad chéim, ó Bhallstá(i)t chuig ELA ...20
Teachtaireacht maidir le hachoimre, stíl agus rialacha idirghabhála ón idirghabhálaí/Cathaoirleach chuig ELA ...22
Litir fógra chun cur in iúl do Bhallstáit go bhfuil an dara céim ar tí tosú, ó ELA chuig Ballstá(i)t ...24
Iarratas an tsaincheist a bhaineann le slándáil shóisialta a chur faoi bhráid an AC, ó Bhallstá(i)t go ELA ...27

## Réamhrá

Spreagann **soghluaisteacht lucht saothair agus gluaiseacht trasteorann san AE** cur i bhfeidhm reachtaíocht chasta AE maidir le soghluaisteacht lucht saothair agus slándáil shóisialta a chomhordú le dlí náisiúnta fostaíochta agus slándála sóisialta agus rialacha riaracháin dhá Bhallstát ar a laghad. Tá seans ann go bhféadfadh tuairimí difriúla a bheith ag comhlachtaí ionadaíocha agus údaráis forfheidhmithe nuair a bhíonn an phríomhreachtaíocht á cur i bhfeidhm nó á forfheidhmiú acu i gcásanna trasteorann a bhaineann le gnó agus oibrithe. Ceanglaíonn an reachtaíocht ábhartha AE comhar riaracháin agus malartú faisnéise idir na mílte institiúid atá ag obair sa réimse fostaíochta agus slándála sóisialta ar fud an AE, atá ag cruthú idirthuilleamaíochta agus féintuilleamaíochta ar chomhlachtaí poiblí ó Bhallstáit eile chun réitigh le haghaidh cásanna casta aonair a sholáthar. Ina leithéid de chomhthéacs **d'fhéadfadh go mbeadh míthuiscintí** agus **easaontais idir Ballstáit maidir le cur chun feidhme acquis shoghluaisteacht lucht saothair an AE agus comhordú slándála sóisialta**. Ainneoin gurb é idirphlé déthaobhach idir Ballstáit an bealach is dírí chun a leithéid sin de dhúshláin agus tuairimí difriúla a réiteach, ní gá go mbeadh teagmháil dhéthaobhach mar bhonn i gcónaí le torthaí éifeachtacha agus ní gá go mbeadh díospóidí idir Ballstáit á réiteach dá barr.

Ar mhaithe le difríochtaí idir Ballstáit a réiteach nach féidir iad a réiteach trí idiphlé, **tá saoráid idirghabhála saincheaptha** bunaithe faoi scáth **an Údaráis Eorpaigh Saothair** ('ELA' ina dhiaidh seo) a sholáthraíonn sásra sruthlínithe do Bhallstáit chun a ndíospóidí a réiteach laistigh de thréimhse ama ar leith mar aon le tacaíocht riachtanach ghairmiúil agus lóistíochtúil. Ainneoin go bhfuil feidhm agus ról idirghabhála ELA bunaithe ina Rialachán bunaidh[1], tá módúlachtaí agus nósanna imeachta an phróisis idirghabhála iomlán leagtha amach sna Rialacha nós imeachta[2]. Táthar tar éis glacadh freisin le comhaontú comhair idir ELA agus an Coimisiún Riaracháin maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta chun an idirghníomhaíocht idir an dá chomhlacht a rialú nuair a bhaineann díospóidí, go hiomlán nó i bpáirt, le saincheisteanna comhordaithe slándála sóisialta.

Tá an próiseas idirghabhála os comhair ELA bunaithe ar dhá chéim leantacha idirghabhála a bhfuil idirghabhálaí aonair (an chéad chéim den nós imeachta idirghabhála) nó an Bord Idirghabhála (an dara céim den nós imeachta idirghabhála) páirteach ann. Samhlaítear mar thoradh ar idirghabháil go nglacfar le tuairim neamhcheangailteach a mbeidh na Ballstáit ag cloí leis ar mhaithe le comhar riaracháin dháiríre agus de mheon macánta.

Déantar cur síos sa **Treoir reatha do Bhallstáit maidir le hidirghabháil ELA** ar chéimeanna agus ar gharspriocanna is tábhachtaí an nóis imeachta idirghabhála agus dírítear ar chuid de na príomhcheisteanna a d'fhéadfadh a bheith ag Ballstáit nuair a bhíonn idirghabháil á breithniú acu. Chomh maith leis sin, tá naisc ann chuig na teimpléid is ábhartha le haghaidh na ndoiciméad nach mór do Bhallstáit a úsáid nuair a bhíonn siad páirteach in idirghabháil. Tá an Treoir seo ag cur leis an **Treoir ghinearálta agus sreafaí oibre nós imeachta idirghabhála ELA** ina bhfuil mionsonraí maidir leis na sreafaí oibre ar fad a bhaineann le

---

[1] Tá léargas ar shainordú ELA le fáil in Airteagal 1(4) de Rialachán bunaidh (AE) 2019/1149, atá ar fáil ag: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A32019R1149.

[2] Cinneadh 17/2021 Bhord Bainistíochta ELA an 10 Samhain 2021, ar fáil ag: https://www.ela.europa.eu/sites/default/files/2022-02/Decision%2017_2021%20ROPM_EN.pdf.

hidirghabháil ELA agus áirítear sa Treoir freisin gach teimpléad atá ábhartha chun críche cumarsáide agus fíoraithe riaracháin

## Céard iad príomhphrionsabail na hidirghabhála os comhair ELA?

Is sásra um réiteach díospóidí lasmuigh den chúirt agus saor in aisce é ELA a bhfuil sé mar aidhm leis díospóidí idir Ballstáit i ndáil le cur i bhfeidhm agus/nó forfheidhmiú reachtaíochta maidir le soghluaisteacht lucht saothair agus comhordú slándála sóisialta an AE a réiteach. Is **próiseas deonach** é agus roghnaíonn Ballstáit páirt a ghlacadh ann. Bíonn Ballstáit ar páirtithe iad i ndíospóid áirithe i gceannas i gcónaí i rith an phróisis agus tá ELA trí Rúnaíocht Idirghabhála ELA[3] freagrach as an bpróiseas a éascú agus tionlacan gairmiúil agus tacaíocht lóistíochtúil a sholáthar. Tá an idirghabháil féin bunaithe ar **phrionsabail na neamhchlaontachta, na rúndachta agus na solúbthachta** agus tá sé mar aidhm léi glacadh le réiteach arna chomhaontú go frithpháirteach a chomhaontaíonn Ballstáit a chur chun feidhme.

## Céard iad príomhghnéithe nós imeachta idirghabhála ELA?

Tá idirghabháil bunaithe ar **dhá chéim leantacha fhéideartha**, agus i bprionsabal tá gach céim faoi réir na spriocdhátaí táscacha atá leagtha amach sna Rialacha Nós Imeachta. Tá an chéad chéim den nós imeachta idirghabhála á héascú ag **idirghabhálaí aonair**, atá roghnaithe ag na Ballstáit ó liosta na n-idirghabhálaithe ceaptha. Sa chás nach dtagann Ballstáit ar chomhaontú ag deireadh na chéad chéime den nós imeachta idirghabhála, is féidir leo cinneadh a dhéanamh leanúint ar aghaidh chuig an dara céim den nós imeachta idirghabhála a reáchtáiltear roimh phainéal nó roimh an **mBord Idirghabhála** iomlán, a bhfuil saineolaithe páirteach ann atá ceaptha ag Bord Bainistíochta ELA (liosta saineolaithe an Bhoird Idirghabhála). Sa chás sin, ní hiad na Ballstáit lena mbaineann atá freagrach as rogha a dhéanamh maidir le comhdhéanamh an phainéil (nó an Bord Idirghabhála iomlán), is é Cathaoirleach an Bhoird Idirghabhála atá freagrach as éascú na dara céime den idirghabháil.

Is féidir le hidirghabhálaí nó le Cathaoirleach an Bhoird Idirghabhála úsáid a bhaint as cuir chuige agus stíleanna difriúla mar chuid de phróiseas idirghabhála, agus i rith an phróisis is féidir an cur chuige agus an stíl a fhorbairt ag brath ar chomhthéacs agus ar fhorbairt iarbhír na hidirghabhála atá i gceist.

Is féidir cuir chuige dhifriúla a chur i bhfeidhm, agus is faoin idirghabhálaí nó Cathaoirleach an Bhoird Idirghabhála agus na Ballstáit atá sé cinneadh a dhéanamh maidir leis an gcur chuige is oiriúnaí chun imeachtaí idirghabhála a eagrú. Is féidir le Ballstáit a bheith muiníneach, áfach, go dtreoróidh an t-idirghabhálaí nó Cathaoirleach an Bhoird Idirghabhála iad ionas go mbeidh ar a gcumas cur chuige a roghnú, bunaithe ar a dtaithí agus ag féachaint don chás sonrach. Moltar dhá phríomhchur chuige idirghabhála ach i gcleachtas glactar le hidirghabháil mar leagan malartach a bhfuil gnéithe ón dá chur chuige idirghabhála san áireamh ann:

- **an idirghabháil chaighdeánach**
- **an idirghabháil threoraithe**
- **meascán díobh sin**

[3] Is cuid d'Aonad Tacaíochta Comhair ELA í an rúnaíocht idirghabhála

| An idirghabháil chaighdeánach | An idirghabháil threoraithe |
|---|---|
| **Príomhphointí:** Trí sheisiún: Iontógáil, Idirbheartaíocht, Clabhsúr.<br><br>**Príomhbhuntáiste:** Tá an próiseas an-líneach agus **ceadaítear don idirghabhálaí na páirtithe a threorú, agus feidhmiú mar éascaitheoir.**<br><br>**An príomhriosca:** D'fhéadfadh an t-idirghabhálaí **dúsháinn** agus fachtóirí a thabhairt faoi deara a bhfuil réiteach **déanach go maith sa phróiseas** (i rith an tseisiúin idirbheartaíochta seans) á gcosc acu. D'fhéadfadh sé seo a bheith mar bhonn le moilleanna neamhriachtanacha. | **Príomhphointí:** Trí sheisiún: Iontógáil (**an-chríochnúil**), Idirbheartaíocht, Clabhsúr.<br><br>**Príomhbhuntáiste:** Tá an seisiún iontógála an-chríochnúil; tugann an t-idirghabhálaí deis do na páirtithe an cur chuige ba mhaith leo a úsáid a phlé agus tugann sé cuireadh dóibh **an próiseas a dhearadh.** Ón tús, dírítear ar theacht ar thuiscint maidir le conas nár éirigh leis na páirtithe an díospóid a réiteach agus bunaithe air sin, forbraítear diagnóis a úsáidtear chun seisiún idirbheartaíochta níos struchtúrtha a mholadh. **D'fhéadfadh sé seo a bheith mar bhonn le ham a shábháil go comhsheasmhach.**<br><br>**An príomhriosca:** De bhrí go mb'fhéidir nach mbeadh na Ballstáit ábhartha toilteanach comhoibriú ar bhealach soiléir agus trédhearcach ar dtús, b'fhéidir go dtógfadh sé níos mó ama an próiseas a chur i gcrích. |

I rith an phróisis idirghabhála, féadfar **saineolas gairmiúil** i réimsí shoghluaisteacht lucht saothair an AE agus comhordú slándála sóisialta a chur ar fáil do Bhallstáit trí dheis a thabhairt do **shaineolaithe a bheith páirteach i gcáil chomhairleach**. Is é an cuspóir atá le hidirghabháil go mbeadh na Ballstáit ag teacht ar chomhaontú maidir le Tuairim (neamhcheangailteach). Cuirfear san áireamh ina leithéid de Thuairim acquis AE agus doiciméid léirmhínitheacha eile atá curtha ar fáil ag comhlachtaí speisialaithe ar iontaoibh dhlí an Aontais agus cuimsítear inti moltaí agus/nó réitigh shonracha a bhfuil sé mar aidhm leo an díospóid a réiteach[4]. Nuair a dhéantar comhaontú, geallann Ballstáit an réiteach arna chomhaontú go frithpháirteach a chur chun feidhme laistigh den teorainn ama atá comhaontaithe agus tuairisciú maidir lena chur chun feidhme laistigh de thréimhse trí mhí ón uair a nglactar leis an réiteach arna ghlacadh go frithpháirteach.

## Tabhairt faoi idirghabháil os comhair ELA

Tá dhá réamhchoinníoll nach mór a chomhlíonadh i gcónaí nuair a bhreithnítear idirghabháil os comhair ELA:

(1) Tá iarracht déanta ag Ballstáit an cheist a réiteach trí theagmháil dhíreach agus idirphlé déthaobhach:

[4] Airteagal 17 de na Rialacha Nós Imeachta d'idirghabháil an Údaráis Eorpaigh Saothair.

(2) Comhaontaíonn Ballstáit páirt a ghlacadh sa phróiseas idirghabhála os comhair ELA.

## Céard iad na díospóidí ar féidir iad a idirghabháil os comhair ELA?

Cuimsítear i raon feidhme na hidirghabhála **gach réimse a bhfuil ELA freagrach astu[5], eadhon postáil oibrithe, comhordú slándála sóisialta, saorghluaiseacht oibrithe agus reachtaíocht shóisialta a bhaineann le hiompar bóthair idirnáisiúnta**. Sa chás go mbaineann díospóid go hiomlán nó i bpáirt le slándáil shóisialta, cuirfidh ELA scéala chuig an gCoimisiún Riaracháin de réir Chomhaontú Comhair AC-ELA[6].

## Conas a thionscnaítear cásanna d'idirghabháil?

Is féidir an próiseas idirghabhála a thionscnamh ar thrí bhealach difriúla:

(1) Iarratas ar phróiseas a bheith á dhéanamh ag Ballstát amháin (nó níos mó Ballstát) atá páirteach i ndíospóid;

(2) Cásanna á dtarchur ag líonra SOLVIT;

(3) Próiseas á thionscnamh ag ELA.

De ghnáth **tionscnaíonn Ballstáit iarratas ELA ar idirghabháil maidir le díospóid a bhfuil siad páirteach inti.** Féadfaidh Ballstát amháin ar páirtí i ndíospóid é idirghabháil a iarraidh (sa chás sin lorgóidh ELA toiliú ó na Ballstáit eile atá páirteach sa díospóid) ach is féidir le Ballstáit iarratas ar idirghabháil os comhair ELA a iarraidh i gcomhpháirt nó go comhuaineach freisin.

## Cé ag a bhfuil cead idirghabháil chuig ELA a iarraidh?

I bprionsabal, is féidir le haon institiúid nó comhlacht poiblí náisiúnta ag a bhfuil inniúlachtaí i réimsí fostaíochta agus slándála sóisialta i gcásanna trasteorann AE iarratas ar idirghabháil a iarraidh os comhair ELA sa chás go bhfuil tuairimí difriúla acu agus/nó go bhfuil díospóid le hinstitiúid nó comhlacht poiblí náisiúnta ó Bhallstát eile maidir le cur i bhfeidhm acquis ábhartha AE lucht saothair agus slándála sóisialta gan réiteach. Is iondúil **gurb é an Phríomhaireacht atá freagrach as fostaíocht agus/nó slándáil shóisialta a iarrfaidh idirghabháil thar ceann an Bhallstáit ábhartha**, ach is faoi na Ballstáit atá sé cinneadh a dhéanamh maidir le, agus go dearfach, céard iad na hinstitiúidí nó comhlachtaí poiblí eile atá inniúil ar iarratas ar idirghabháil a chur faoi bhráid ELA. D'fhéadfadh gur (1) institiúidí slándála sóisialta (2) gníomhaireachtaí fostaíochta, (3) seirbhísí cigireachta nó (4) gníomhaireachtaí poiblí eile iad na hinstitiúidí nó comhlachtaí poiblí náisiúnta sin.

---

[5] Tá léargas ar shainordú ELA le fáil in Airteagal 1(4) de Rialachán bunaidh (AE) 2019/1149, atá ar fáil ag an seoladh seo: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A32019R1149.

[6] Cinneadh 18/2021 faofa ag comhaontú Comhair AC-ELA ar an 22 Nollaig 2021. Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm ar an 1 Meitheamh 2022 agus tá sé ar fáil ag an seoladh seo: https://www.ela.europa.eu/sites/default/files/2022-03/ELA-AC-signed-agreement.pdf.

## Conas is féidir le Ballstát iarratas ar idirghabháil chuig ELA a iarraidh?

Is féidir an t-iarratas a dhéanamh tríd an bhfoirm '**Litir iarratais ar Idirghabháil'** nach mór d'ionadaí sainordaithe na hinstitiúide poiblí náisiúnta atá ag lorg ELA le haghaidh idirghabhála a chomhlánú agus a shíniú. Comhlánaíonn agus seolann gach Ballstát atá toilteanach idirghabháil a lorg, iarratas ar idirghabháil chuig ELA. Tá an t-iarratas ar idirghabháil le seoladh trí ríomhphost chuig bosca ríomhphoist fheidhmiúil Rúnaíocht Idirghabhála ELA (mediation@ela.europa.eu). Is leor Iarratas ar Idirghabháil sínithe a sheoladh ar aghaidh i bhfoirm leictreonach agus ní gá aon leaganacha páipéir a sheoladh tríd an bpost. Cláraíonn Rúnaíocht Idirghabhála ELA iarratais isteach sa chóras cláraithe inmheánach. Glactar leis an dáta cláraithe mar an dáta a ndéantar an t-iarratas ábhartha.

I dteannta leis an Iarratas ar Idirghabháil ach **tráth nach déanaí ná 15 lá oibre** ón dáta a ndéantar na hiarratais faoi seach ar idirghabháil, ní mór do Bhallstáit ráiteas mionsonraithe a chur ar fáil tríd an bhfoirm '**Ráiteas Mionsonraithe**'. Sa Ráiteas Mionsonraithe, déanann Ballstáit cur síos ar raon feidhme agus ar mhionsonraí na díospóide nó na tuairimí difriúla. Ba cheart go n-áireofaí ar an Ráiteas Mionsonraithe an fhaisnéis riachtanach ar fad a chuireann ar chumas ELA a fhíorú, tríd an tseiceáil inghlacthachta, cibé acu an féidir nó nach féidir glacadh leis an gcás chun críche idirghabhála.

| ! | Ní mór do Bhallstáit iarrthacha a áirithiú go bhfuil **sonraí pearsanta** na ndaoine aonair agus/nó na ngnóthaí atá páirteach sa díospóid (bundíospóid) idir na Ballstáit **anaithnidithe**[7] |
|---|---|

I gcásanna nuair nach bhfuil baint ag na Ballstáit ar fad le díospóid ar leith i ndiaidh idirghabháil a lorg, áirithíonn ELA go bhfuil gach Ballstát atá páirteach ar an eolas faoin iarratas/na hiarratais idirghabhála a fuair sé ón mBallstát iarrthach/ó na Ballstáit iarrthacha. Chomh maith leis sin, fiafróidh ELA cibé acu an gcomhaontaíonn nó nach gcomhaontaíonn na Ballstáit eile le hidirghabháil agus, go dearfach, iarrfar orthu a Ráitis Mhionsonraithe a chur ar fáil. Chomh maith leis sin, is féidir le ELA fiafraigh de Bhallstáit faisnéis bhreise a sholáthar atá riachtanach chun teacht ar thuiscint iomlán ar an díospóid[8].

## Cén uair a bhfuil díospóid inghlactha chun críche idirghabhála?

Nuair a bheidh gach Iarratas ar Idirghabháil, Ráiteas Mionsonraithe agus freagairtí soiléirithe breise faighte ó na Ballstáit faoi seach atá páirteach sa díospóid faighte, déanfaidh ELA **seiceáil inghlacthachta** ar chomhaid an cháis. Glactar leis an dáta a bhfaightear an Ráiteas Mionsonraithe deiridh mar an dáta cláraithe i gcóras cláraithe inmheánach ELA.

Is é an phríomhaidhm atá leis an tseiceáil inghlacthachta a fhíorú nach bhfuil aon bhacainní roimh thús a chur leis an nós imeachta idirghabhála (an chéad chéim) bunaithe ar:

---

[7] Airteagal 5(2) de na Rialacha Nós Imeachta d'idirghabháil.

[8] Déanann ELA an t-iarratas seo tríd an 'Iarratas ar fhaisnéis bhreise', agus is féidir le Ballstáit freagra a sholáthar tríd 'Freagair don iarratas ar fhaisnéis bhreise'.

- cinneadh deonach na bpáirtithe idirghabháil ELA a úsáid mar mhodh oiriúnach chun a gcuid díospóidí a réiteach;
- nádúr agus raon feidhme ábhartha na díospóide a bheith laistigh de shainordú ELA;
- imeachtaí breithiúnacha maidir leis an ábhar céanna leis an díospóid;
- an gá AC a chur ar an eolas b'fhéidir.

## Céard a tharlaíonn má dheimhníonn ELA go bhfuil díospóid deimhnithe?

D'fhéadfadh go mbeadh an tseiceáil inghlacthachta atá á reáchtáil ag Rúnaíocht Idirghabhála ELA mar bhonn le **seoladh foirmiúil na chéad chéime den nós imeachta idirghabhála.** Gheobhaidh Ballstáit '**Litir fógra maidir le tús na chéad chéime den idirghabháil**' ó ELA ina dtugtar cuireadh do Bhallstáit:

(1) Idirghabhálaí a roghnú ón liosta d'idirghabhálaithe ceaptha **laistigh de 10 lá oibre**.

(2) Deimhneofar nó ceapfar ionadaí náisiúnta don chéad chéim idirghabhála.

Úsáidfidh Ballstáit an '**Litir chun freagairt don Fhógra maidir le tús na chéad chéime den idirghabháil**' ina ndeimhneoidh siad a dtoilteanas páirt a ghlacadh san idirghabháil agus a rogha maidir leis an idirghabhálaí.

**!** **Tá bealaí difriúla ag Ballstáit chun an t-idirghabhálaí a roghnú agus is féidir leo an méid seo a leanas a chur in iúl ina bhFreagairt:**

- a rogha maidir le hidirghabhálaí amháin nó níos mó ó liosta na n-idirghabhálaithe ceaptha;
- a gcomhaontú leis na hidirghabhálaithe ar fad ó liosta na n-idirghabhálaithe ceaptha;
- a n-easaontú le hidirghabhálaí molta amháin nó níos mó ó liosta na n-idirghabhálaithe ceaptha.

**Moltar do Bhallstáit idirghabhálaí a shainaithint ó liosta na n-idirghabhálaithe ceaptha trí theagmháil dhéthaobhach dhíreach chun teacht ar chomhaontú.**

Sa chás go gcomhaontaíonn Ballstáit ar idirghabhálaí, ceapfaidh ELA an t-idirghabhálaí roghnaithe go foirmiúil. Sa chás gurb é a mhalairt a bhíonn i gceist, molfaidh ELA idirghabhálaí do na Ballstáit ó liosta na n-idirghabhálaithe ceaptha, agus ní mór do na Ballstáit comhaontú leis an rogha a dhéantar.

Amhail ón dáta a gceapann ELA an t-idirghabhálaí go foirmiúil, cuirtear tús le **tréimhse tháscach 45 lá oibre** a gcuirfear an chéad chéim den idirghabháil i gcrích laistigh di agus é mar aidhm teacht ar chomhaontú maidir leis an díospóid.

**!** **Ainmneoidh Ballstáit ionadaí náisiúnta amháin a fheidhmeoidh mar phríomhphointe teagmhála thar ceann a Bhallstáit faoi seach i rith na hidirghabhála. Is féidir leis na Ballstáit an t-ionadaí náisiúnta a athrú am ar bith trí fhógra a thabhairt do ELA agus ní gá gurb ionann an duine seo agus an t-ionadaí a thionscain iarratas ar idirghabháil chuig ELA.**

**Tá cead ag Ballstáit cinneadh a dhéanamh maidir leis na hinstitiúidí (agus a n-ionadaithe) a bheidh páirteach i rith na hidirghabhála mar chuid dá dtoscaireacht. I**

**gcásanna áirithe, tabharfaidh Ballstáit deis do na páirtithe sóisialta náisiúnta ina dtoscaireachtaí a bheith páirteach i rith na hidirghabhála.**

## Conas a oibríonn an chéad chéim den nós imeachta idirghabhála?

Is é atá mar aidhm leis an gcéad chéim den nós imeachta idirghabhála déileáil le tuairimí difriúla idir na páirtithe nuair a chuirtear acquis shoghluaisteacht lucht saothair an AE i bhfeidhm ar chás ar leith, trí thacaíocht a fháil ó idirghabhálaí aonair a roghnaíodh bunaithe ar chomhaontú na mBallstát. Éascaíonn an t-idirghabhálaí an próiseas agus is é an aidhm atá ann na tuairimí difriúla atá ag na Ballstáit ábhartha a réiteach, aidhm a bhféadfadh réiteach arna chomhaontú go frithpháirteach a bheith mar thoradh uirthi.

Meastar, i bprionsabal, go mairfidh an chéad chéim d'idirghabháil 5 mhí ar a mhéad. I rith an phróisis idirghabhála, áfach, d'fhéadfaí an nós imeachta a chur ar fionraí nó clabhsúr a chur le cúrsaí go luath.[9] Ina theannta sin, i rith na hidirghabhála, b'fhéidir go mbeadh ar ELA dul i mbun idirchaidrimh le AC chun déileáil le saincheisteanna a bhaineann le comhordú slándála sóisialta[10].

Téann an t-idirghabhálaí ceaptha i gcomhairle leis na Ballstáit chun an cur chuige is oiriúnaí a roghnú don idirghabháil. Bíonn an t-idirghabhálaí freagrach as an bpróiseas idirghabhála chomh fada is a bhaineann leis an gclár a shocrú, an teanga chumarsáide a roghnú agus cruinnithe (fisiciúil agus/nó ar líne) malartuithe idir na Ballstáit a phleanáil. Tacaíonn Rúnaíocht Idirghabhála ELA leis an idirghabhálaí le tacaíocht riaracháin agus lóistíochtúil lena n-áirítear seirbhísí ateangaireachta. Tugann an t-idirghabhálaí deis rannpháirtíochta agus téann sé i gcomhairle leis na Ballstáit ó thús an phróisis agus i rith an phróisis, go dtí go ndréachtaítear an tuarascáil deiridh agus an tuairim neamhcheangailteach.

Nuair a bheidh cinneadh déanta ag an idirghabhálaí maidir leis an gcur chuige is oiriúnaí chun na himeachtaí a eagrú (caighdeánach nó treoraithe, nó meascán), **moltar don idirghabhálaí an méid atá comhaontaithe leis na Ballstáit a chur i scríbhinn de bhrí go bhfuil obair na bpáirtithe bunaithe air agus go bhfuil na céimeanna a gcuireann siad i gcrích ina dhiaidh sin bunaithe air freisin, lena n-áirítear fráma ama agus gealltanais faoi seach**.

Tá teimpléad le haghaidh '**Teachtaireacht maidir leis an Achoimre Idirghabhála**' do chás sonrach idirghabhála curtha ar fáil. Tá cead ag an idirghabhálaí, áfach, é a úsáid nó gan é a úsáid, agus is féidir samhail dhifriúil a úsáid. Is é an rud is tábhachtaí go bhfuil creat scríofa agus pleanáil ama ar fáil do na Ballstáit agus do gach duine a bhfuil baint acu leis an bpróiseas don chéad chéim den idirghabháil.

! **Idirghabháil mhear**

**Féadfaidh na Ballstáit ar páirtí sa díospóid iad comhaontú go coitianta, in éineacht leis an idirghabhálaí le linn na chéad chéime den idirghabháil, na spriocdhátaí atá sonraithe sna socruithe oibre a ghiorrú, ar an gcoinníoll gur**

[9] Tá cur síos déanta ar na hipitéisí difriúla a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn le fionraí nó clabhsúr luath le fáil in Treoir Ghinearálta agus Sreafaí Oibre do nós imeachta idirghabhála ELA

[10] I ngach cás a bhfuil baint ag AC leis, ba cheart an Treoir sreafa oibre d'idirghníomhaíocht AC-ELA a chur san áireamh agus a chur i bhfeidhm.

**féidir cáilíocht an nóis imeachta agus na tuairime neamhcheangailtí a chaomhnú.**

Cuirfear deireadh i bprionsabal leis an gcéad chéim den nós imeachta idirghabhála nuair a bheidh an **tréimhse chaighdeánach 45 lá** caite[11]. Tá éagsúlacht le tabhairt faoi deara sa chéim nóis imeachta deiridh ag brath ar thoradh na hidirghabhála.

### Toradh A: Comhaontaíonn na Ballstáit ar thuairim neamhcheangailteach

Má chomhaontaíonn na páirtithe **ar thuairim neamhcheangailteach laistigh den tréimhse 45 lá oibre** atá luaite leis an gcéad chéim den idirghabháil, treoróidh an t-idirghabhálaí na páirtithe go dtí deireadh an phróisis. Sa chás sin, cuireann an t-idirghabhálaí **tuarascáil fhíriciúil chríochnaitheach i dtoll a chéile, lena n-áirítear an tuairim neamhcheangailteach**, a seoltar chuig na Ballstáit agus chuig ELA le haghaidh tuairimí agus aiseolais. Is féidir le Ballstáit **aiseolas a sholáthar laistigh de 15 lá oibre**, ón dáta ar seoladh an dréacht-tuarascáil fhíriciúil agus an tuairim neamhcheangailteach. Fíoraíonn ELA go bhfuil acquis shoghluaisteacht lucht saothair an AE á gcomhlíonadh ag an tuairim neamhcheangailteach.

### Toradh B: Ní chomhaontaíonn na Ballstáit ar thuairim neamhcheangailteach

Más rud é, ar an lámh eile, **nach gcomhaontaíonn na Ballstáit ar thuairim neamhcheangailteach laistigh den tréimhse ama 45 lá oibre**, is féidir leo cinneadh a dhéanamh **síneadh 15 lá oibre breise a chur leis an gcéad chéim den idirghabháil[12] nó stop a chur leis na gcéad chéim den idirghabháil.** Más rud é, i ndiaidh an tsínidh 15 lá oibre, nach bhfuiltear i ndiaidh teacht ar chomhaontú, cuirfear deireadh leis an gcéad chéim. Is é an t-idirghabhálaí a chuirfidh an tuarascáil fhíriciúil deiridh ina dtuairiscítear maidir leis an idirghabháil agus an próiseas a bhí mar bhonn leis i dtoll a chéile i gcónaí.

Nuair a bheidh críoch curtha leis an gcéad chéim den idirghabháil, is féidir le Ballstáit comhaontú maidir le cibé acu an mian nó nach mian leo leanúint ar aghaidh leis an dara céim den idirghabháil roimh an mBord Idirghabhála[13].

## Conas a oibríonn an dara céim den nós imeachta idirghabhála?

Is é an cuspóir atá leis an dara céim den nós imeachta idirghabhála **deis bhreise a thabhairt do Bhallstáit a ndíospóid a réiteach** murar éirigh leo teacht ar aon réiteach i rith na chéad chéime den nós imeachta idirghabhála agus dá réir sin, nár thángthas ar aon chomhaontú maidir le tuairim neamhcheangailteach.

I rith na chéad chéime den idirghabháil tá idirghabhálaí amháin i mbun an phróisis a éascú, ach **reáchtáiltear an idirghabháil i rith na dara céime os comhair Bord Idirghabhála (nó painéal)**, a bhfuil saineolaithe ó na Ballstáit seachas na Ballstáit sin ar páirtí sa díospóid iad páirteach ann. Tá ról gníomhach ag Cathaoirleach an Bhoird Idirghabhála i rith na dara céime

[11] Gan fionraí féideartha nó síneadh a chur leis an nós imeachta idirghabhála a chur san áireamh.

[12] Sa chás seo, cuireann an t-idirghabhálaí ELA ar an eolas faoin síneadh trí 'Fógra maidir le síneadh a chur leis an gcéim idirghabhála'.

[13] Sa chás seo, comhaontaíonn na Ballstáit trí 'Comhaontú tús a chur leis an dara céim idirghabhála'.

den nós imeachta idirghabhála.[14] Lena chois sin, ainmnítear rapóirtéir atá freagrach as an tuarascáil fhíriciúil agus an tuairim neamhcheangailteach a ullmhú, agus tuairimí ball uile an Bhoird Idirghabhála nó an phainéil a chur san áireamh.

Ní féidir ach le ELA an dara céim den nós imeachta idirghabhála a sheoladh ach trí '**Fógra Ballstáit a chur ar an eolas go bhfuiltear ar tí tús a chur leis an dara céim den idirghabháil**', má chomhlíontar an dá choinníoll seo a leanas go comhuaineach:

- Níor thángthas ar aon réiteach i rith na chéad chéime den idirghabháil agus níor chomhaontaigh na Ballstáit ar páirtí sa díospóid iad ar thuairim neamhcheangailteach.
- Comhaontaíonn gach Ballstát ar páirtí é sa díospóid leanúint ar aghaidh leis an bpróiseas agus an dara céim den phróiseas idirghabhála a sheoladh[15].

Meastar, i bprionsabal, go mairfidh an dara céime den idirghabháil 5 mhí ar a mhéad. I rith an phróisis idirghabhála, áfach, d'fhéadfaí an nós imeachta a chur ar fionraí nó clabhsúr a chur le cúrsaí go luath[16]. Ina theannta sin, i rith na dara céime den idirghabháil, b'fhéidir go mbeadh ar ELA dul i mbun idirchaidrimh le AC chun déileáil le saincheisteanna a bhaineann le comhordú slándála sóisialta[17].

Rachaidh Cathaoirleach an Bhoird Idirghabhála i mbun comhairliúcháin leis na Ballstáit maidir leis rogha cur chuige idirghabhála agus treoróidh sé/sí iad chun an rogha is fearr a dhéanamh. Rachaidh an Cathaoirleach i dteagmháil le hionadaí náisiúnta na mBallstát ar páirtí sa díospóid iad maidir le cur chuige agus pleanáil an phróisis idirghabhála. Bunaithe ar an gcomhairliúchán, déanann an Cathaoirleach cinneadh maidir leis an gcur chuige is oiriúnaí don dara céim den idirghabháil.

Tá an príomhchur chuige maidir le hidirghabháil cosúil leis na cuir chuige a bhfuil cur síos déanta orthu don chéad chéim den nós imeachta idirghabhála agus is í an **phríomhdhifríocht** (eagraíochtúil), **mar chuid den dara céim, nach mór go gcuirfí san áireamh sa phleanáil infhaighteacht shaineolaithe uile an phainéil nó an Bhoird Idirghabhála atá ceaptha mar chomhlacht idirghabhála i rith na dara céime** den idirghabháil.

Nuair a bheidh an cur chuige is oiriúnaí roghnaithe ag an gCathaoirleach (idir an nós imeachta idirghabhála caighdeánach agus treoraithe), moltar dó/di an méid atá comhaontaithe leis na páirtithe a shonrú sa '**Teachtaireacht maidir leis an Achoimre Idirghabhála'**.

**!** **Is féidir le Ballstáit brath ar na seirbhísí agus saoráidí tacaíochta atá curtha ar fáil ag ELA i rith an dá chéim den idirghabháil:**

- Rannpháirtíocht idirghabhálaithe oilte;
- Rannpháirtíocht saineolaithe sa Bhord Idirghabhála a bhfuil eolas suntasach acu maidir le fearainn theicniúla shoghluaisteacht lucht saothair an AE;
- An fhéidearthacht brath ar shaineolaithe (breise) i gcáil chomhairleach;

[14] Féach Airteagal 8 (5) RoP áit a bhfuil forléargas ar fheidhmeanna difriúla an Chathaoirligh i rith na dara céime den idirghabháil le fáil.

[15] Sa chás seo, bunaítear toiliú ar dhoiciméad atá sínithe ag na Ballstáit le tacaíocht ón idirghabhálaí, i rith na chéad chéime den idirghabháil (Comhaontú tús a chur leis an dara céim idirghabhála).

[16] Tá cur síos déanta ar na hipitéisí difriúla a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn le fionraí nó clabhsúr luath le fáil in Treoir Ghinearálta agus Sreafaí Oibre do nós imeachta idirghabhála ELA

[17] I ngach cás a bhfuil baint ag AC leis, ba cheart an Treoir sreafa oibre d'idirghníomhaíocht AC-ELA a chur san áireamh agus a chur i bhfeidhm.

- Rúnaíocht Idirghabhála Fheidhmiúil le baill foirne oilte;
- Ionad agus seomra ina bhfuil bothanna ateangaireachta ag ceanncheathrú ELA sa Bhratasláiv;
- Infhaighteacht ateangairí a bhfuil taithí acu ar an ábhar;

! **Idirghabháil mhear**

**Féadfaidh na Ballstáit ar páirtí sa díospóid iad comhaontú, in éineacht le Cathaoirleach an Bhoird Idirghabhála na spriocdhátaí táscacha atá sonraithe sna socruithe oibre don dara céim den idirghabháil a ghiorrú, ar an gcoinníoll gur féidir cáilíocht an nóis imeachta agus na tuairime neamhcheangailtí a chaomhnú**.

Cuirfear deireadh, i bprionsabal, leis an dara céim den nós imeachta idirghabhála nuair a bheidh deireadh tagtha leis an tréimhse chaighdeánach 45 lá (ón dáta ar ceapadh an Bord Idirghabhála nó an painéal)[18]. Tá éagsúlacht le tabhairt faoi deara sna céimeanna nóis imeachta deiridh ag brath ar thoradh na hidirghabhála.

## Toradh A: Comhaontaíonn na Ballstáit ar thuairim neamhcheangailteach

**Nuair a chomhaontaíonn na Ballstáit ar páirtí sa díospóid iad ar thuairim neamhcheangailteach laistigh de 45 lá oibre**, treoróidh an Cathaoirleach na páirtithe trí dheireadh an phróisis idirghabhála.

Sa chás sin, cuireann an rapóirtéir tuarascáil fhíriciúil chríochnaitheach i dtoll a chéile, lena n-áirítear an tuairim neamhcheangailteach, a seoltar chuig Rúnaíocht Idirghabhála ELA agus na Ballstáit le haghaidh tuairimí agus aiseolais. Is féidir le Ballstáit **aiseolas a sholáthar laistigh de 15 lá oibre**, ón dáta ar seoladh an dréacht-tuarascáil fhíriciúil agus an tuairim neamhcheangailteach. Fíoraíonn ELA go bhfuil acquis shoghluaisteacht lucht saothair an AE á gcomhlíonadh ag an tuairim neamhcheangailteach.

## Toradh B: Ní chomhaontaíonn na Ballstáit ar thuairim neamhcheangailteach

**Más rud é, ar an lámh eile, nach bhfuil aon chomhaontú idir na Ballstáit maidir le tuairim neamhcheangailteach** laistigh den fhráma ama 45 lá oibre, féadfaidh na Ballstáit an cinneadh seo a leanas a dhéanamh:

- Síneadh **15 lá oibre breise** a chur leis an dara céim den nós imeachta idirghabhála[19];
- Clabhsúr cinntitheach a chur leis an nós imeachta idirghabhála.

Chomh fada is a bhaineann leis an dá rogha, cuirfidh an rapóirtéir an tuarascáil fhíriciúil chríochnaitheach maidir leis an dara céim den nós imeachta idirghabhála i dtoll a chéile.

[18] Gan fionraí féideartha an nóis imeachta idirghabhála a chur san áireamh.

[19] Sa chás seo, cuireann an Cathaoirleach ELA ar an eolas faoin síneadh trí 'Fógra maidir le síneadh a chur leis an gcéim idirghabhála'

## Céard a tharlaíonn nuair a bhíonn clabhsúr curtha leis an bpróiseas idirghabhála?

Nuair a bhíonn clabhsúr curtha leis an bpróiseas idirghabhála agus nuair a bhíonn na Ballstáit i ndiaidh teacht ar réiteach arna chomhaontú go frithpháirteach, i.e. ag an gcéad nó ag an dara céim den nós imeachta idirghabhála, ceanglaítear ar Bhallstáit tuairisciú maidir leis an dul chun cinn atá á dhéanamh i ndáil le cur chun feidhme laistigh de thréimhse trí mhí[20].

## An féidir le Ballstáit idirghníomhú leis an gCoimisiún Riaracháin?

Féadfaidh na Ballstáit atá páirteach sa díospóid **cinneadh a dhéanamh an chuid a bhaineann leis an gcomhordú slándála sóisialta den díospóid (más ann dá leithéid) a chur faoi bhráid an Choimisiúin Riaracháin, ag aon chéim den phróiseas idirghabhála.**

Sa chás seo, gheobhaidh Rúnaíocht Idirghabhála ELA '[Iarratas chun an tsaincheist a bhaineann le slándáil shóisialta a chur faoi bhráid an AC]' ó gach Ballstát chun an chuid den díospóid a bhaineann leis an gcomhordú slándála sóisialta a chur faoi bhráid an Choimisiúin Riaracháin ar dháta an iarratais sin.

Nuair a bheidh an t-iarratas sin faighte, tugann Rúnaíocht Idirghabhála ELA fógra do na Ballstáit lena mbaineann maidir le clabhsúr a bheith curtha leis an bpróiseas idirghabhála iomlán, nó don chuid a bhaineann leis an tsaincheist slándála sóisialta amháin, atá á cur faoi bhráid an Choimisiúin Riaracháin anois.

## An féidir le Ballstáit tarraingt siar ón nós imeachta idirghabhála?

Is próiseas deonach é idirghabháil os comhair ELA fad is atá an próiseas ar siúl, próiseas a gcinneann Ballstáit páirt a ghlacadh ann. Ciallaíonn sé sin gur féidir leo, am ar bith i rith an imeachta, (an chéad nó an dara céim den nós imeachta idirghabhála) cinneadh tarraingt siar[21] ó na himeachtaí nó iarratas a dhéanamh iad a chur ar fionraí in imthosca áirithe cosúil le tús a chur le himeachtaí breithiúnacha maidir le hábhar na díospóide[22].

---

[20] Airteagal 20 de na Rialacha Nós Imeachta d'idirghabháil an Údaráis Eorpaigh Saothair

[21] Airteagal 18(2/d) de na Rialacha Nós Imeachta d'idirghabháil an Údaráis Eorpaigh Saothair: '*Trí iarratas i scríbhinn ó Bhallstát amháin nó níos mó ar páirtí sa díospóid é/iad, ag aon chéim den nós imeachta idirghabhála, ar dháta an iarratais sin'.*

[22] Airteagal 18(3/a) de na Rialacha Nós Imeachta d'idirghabháil an Údaráis Eorpaigh Saothair: *'Trí iarratas i scríbhinn ó Bhallstát amháin nó níos mó ar páirtí sa díospóid é/iad, ag aon chéim den nós imeachta idirghabhála, ag léiriú gur tionscnaíodh imeachtaí Cúirte tar éis sheoladh an nós imeachta idirghabhála'*

# Na Teimpléid agus Foirmeacha

## Litir iarratais ar idirghabháil ó Ballstá(i)t chuig ELA

| **Litir iarratais ar idirghabháil** |
|---|
| *[An tUasal Cuir isteach ainm an tseolaí]*<br>Stiúrthóir Feidhmiúcháin/Ceann an Aonaid Tacaíochta Comhair<br>An tÚdarás Eorpach Saothair<br>Landererova 12<br>81109 An Bhratasláiv An tSlóvaic<br>mediation@ela.europa.eu<br><br>**Ábhar: Iarratas ar idirghabháil**<br>Tag.: *[Scríobh an uimhir thagartha anseo]*<br><br>[Don té lena mbaineann/A chara],<br>Táimse, an té thíos-sínithe, [ainm agus Sloinne], i ról an [Sonraigh do ról], thar ceann [Ainm an Bhallstáit], ar an [_____] lá de mhí [_________________], sa bhliain [_____], ag iarraidh ar an Údarás Eorpach Saothair (‘ELA' ina dhiaidh seo),<br>idirghabháil a dhéanamh ar chás aonair d'iarratas dhlí an Aontais, arna chlúdach in Airteagal 1(4) de Rialachán (AE) 2019/1149.<br>Tá an Ballstáit/na Ballstáit/gníomhaithe seo a leanas páirteach sa díospóid:<br><br>☐ Ballstát Uimh. 1 *[Sonraigh: ainm, ionadaí náisiúnta (más eol), sonraí teagmhála]*.<br>☐ Ballstát Uimh. 2 *[Sonraigh: ainm, ionadaí náisiúnta (más eol), sonraí teagmhála]*.<br>☐ Ballstát Uimh. 3 *[Sonraigh: ainm, ionadaí náisiúnta (más eol), sonraí teagmhála]*.<br>Dearbhaím, ar feadh m'eolais, go bhfuil an Ballstát/na Ballstáit/gníomhaithe thuasluaite páirteach sa díospóid a bhfuil idirghabháil iarrtha lena haghaidh:<br>☐ Ar an eolas faoin iarratas ar idirghabháil atá curtha os comhair ELA agus [go gcomhaontaíonn/nach gcomhaontaíonn sé/siad] leis an iarratas;<br>☐ Neamheolach ar an iarratas ar idirghabháil atá curtha faoi bhráid ELA.<br>An bhfuil baint ag aon ghníomhaithe eile leis an gcás aonair?<br>☐ Eagraíochtaí comhpháirtithe sóisialta *[Sonraigh: ainm, ionadaí náisiúnta (más eol), sonraí teagmhála]*.<br>☐ Institiúidí/gníomhaireachtaí poiblí eile *[Sonraigh: ainm, ionadaí náisiúnta (más eol), sonraí teagmhála]*.<br>☐ Páirtithe Leasmhara Eile *[Sonraigh: ainm, ionadaí náisiúnta (más eol), sonraí teagmhála]*. |

| |
|---|
| *Déan cur síos gonta ar an díospóid agus ar na cúiseanna ar mhaith leat go ndéanfaí an díospóid a idirghabháil (Ní gá an bosca seo a chomhlánú sa chás go bhfuil an ráiteas mionsonraithe á chur ar fáil agat leis an iarratas reatha).* |
| *Scríobh do fhreagra anseo* |

Tuigeann an té thíos-sínithe go ndéileálfar leis an iarratas seod e réir na Rialacha Nós Imeachta d'idirghabháil an Údaráis Eorpaigh Saothair, agus de réir am fráma agus módúlachtaí an Údaráis Eorpaigh Saothair.

Deimhním an méid seo a leanas:

☐ Tá an ráiteas mionsonraithe i gceangal leis an iarratas seo.

☐ Níl an ráiteas mionsonraithe i gceangal leis an iarratas seo*.

**Tabhair faoi deara,* ***sa chás nach bhfuil an ráiteas mionsonraithe i gceangal leis****, go bhfuil 15 lá ag an bpáirtí iarrthach ó dháta seolta an iarratais seo chun an ráiteas mionsonraithe a chur ar fáil, de réir Airteagal 14(2) de na Rialacha Nós Imeachta d'idirghabháil an Údaráis Eorpaigh Saothair.*

| |
|---|
| *Tabhair sonraí teagmhála an ionadaí náisiúnta thíos (más eol)* |
| *Ainm agus Sloinne*<br>*Feidhm*<br>*Eagraíocht/Institiúid/Eintiteas*<br>*Ríomhphost*<br>*Uimhir Theileafóin* |

***Ainm agus Sloinne***______________________________

***Eagraíocht/Eintiteas/Roinn***___________________

***Feidhm***_______________________________________

***Áit agus dáta an tsínithe***______________________

***Síniú***______________________________________

**Doiciméid atá i gceangal leis an iarratas ar idirghabháil: Ráiteas Mionsonraithe (*Doic. Uimh. II*)**

## Ráiteas Mionsonraithe ó Bhallstá(i)t chuig ELA

| Ráiteas mionsonraithe |
|---|
| *[An tUasal Cuir isteach ainm an tseolaí]*<br>Stiúrthóir Feidhmiúcháin/Ceann an Aonaid Tacaíochta Comhair<br>An tÚdarás Eorpach Saothair<br>Landererova 12<br>81109 An Bhratasláiv An tSlóvaic<br>mediation@ela.europa.eu<br><br>**Ábhar: Ráiteas Mionsonraithe** *[Scríobh ainm an Bhallstáit anseo]*<br>Tag.: *[Scríobh an uimhir thagartha anseo]*<br><br>[Don té lena mbaineann/A chara],<br>Maidir leis an iarratas ar idirghabháil a seoladh chuig an tÚdarás Eorpach Saothair ('ELA' ina dhiaidh seo), ar an [_____] lá de mhí [_________________], sa bhliain [_____], tá an té thíos-sínithe, i ról an *[Sonraigh do ról]*, thar ceann *[Ainm an Bhallstáit]*, ar an [_____] lá de mhí [_________________], sa bhliain [_____], ag cur an ráitis mhionsonraithe ar fáil, de réir Airteagal 9 agus 14 de na Rialacha Nós Imeachta le haghaidh idirghabhála an Údaráis Eorpaigh Saothair. |

| |
|---|
| 1) Sonraigh an Ballstát/na Ballstáit atá páirteach. |
| *Scríobh do fhreagra anseo:* |
| 2) Déan cur síos ar nádúr agus ar amlíne na díospóide lena n-áirítear na príomhábhair choimhlinte. |
| *Scríobh do fhreagra anseo:* |
| 3) Sonraigh na hinstitiúidí poiblí i do Bhallstát a bhfuil baint dhíreach acu leis an ábhar. |
| *Scríobh do fhreagra anseo:* |
| 4) Sonraigh na hinstitiúidí poiblí sa Bhallstát/sna Ballstáit eile a bhfuil baint dhíreach acu leis an ábhar. |
| *Scríobh do fhreagra anseo:* |
| 5) Sonraigh cibé acu atá (nó nach bhfuil) imeachtaí cúirte maidir leis an ábhar ar feitheamh nó ar siúl go leanúnach. |
| *Scríobh do fhreagra anseo:* |

| |
|---|
| 6) Déan cur síos ar cibé acu an mbaineann nó nach mbaineann an díospóid le comhordú slándála sóisialta, agus ar tharchur aon cheann de na páirtithe an cás don Choimisiún Riaracháin riamh chun córais slándála sóisialta a chomhordú.<br><br>Má bhaineann, soláthair sonraí, dáta agus doiciméid ábhartha i dteannta leis an iarratas seo (a mhéid is féidir agus trí aird chuí a thabhairt ar rúndacht). |
| *Scríobh do fhreagra anseo:* |

*An mbaineann an díospóid le reachtaíocht Eorpach ábhartha laistigh de shainordú ELA? (Airteagal 1(4) Rialachán (AE) 2019/1149)?*

| | |
|---|---|
| **Postú oibrithe**<br><br>**☐ BAINEANN**<br><br>**☐ NÍ BHAINEANN** | Treoir 96/71/CE<br><br>Treoir 2014/67/AE |
| **Barúlacha breise:** | |
| **Comhordú slándála sóisialta**<br><br>**☐ TÁ**<br><br>**☐ NÍL** | Rialachán (CEE) 1408/71<br><br>Rialachán (CEE) 574/72<br><br>Rialachán (CE) 859/2003<br><br>Rialachán (CE) 883/2004<br><br>Rialachán (CE) 987/2009<br><br>Rialachán (CE) 1231/2010 |
| **Barúlacha breise:** | |
| **Saorghluaiseacht oibrithe**<br><br>**☐ TÁ**<br><br>**☐ NÍL** | Rialachán (AE) Uimh. 492/2011<br><br>Treoir 2014/54/AE<br><br>Rialachán (AE) 2016/589 |
| **Barúlacha breise:** | |
| **Reachtaíocht shóisialta in iompar ar bóthar**<br><br>**☐ TÁ**<br><br>**☐ NÍL** | Rialachán (CE) 561/2006<br><br>Treoir 2006/22/CE<br><br>Rialachán (CE) 1071/2009 |

| **Barúlacha breise:** | |
|---|---|

| |
|---|
| 1) Déan cur síos ar na hiarrachtaí, malartuithe agus ar thoradh na teagmhála agus an idirphlé a rinneadh roimhe seo chun an díospóid a réiteach. |
| *Scríobh do fhreagra anseo* |
| 2) An bhfuil comhaontú idir na páirtithe go léir chun an díospóid a tharchur le haghaidh idirghabhála os comhair an Údaráis Eorpach Saothair? |
| ☐TÁ<br>☐NÍL<br>☐NÍL CINNTE |

| **Liosta na ndoiciméad atá i gceangal chun tacú leis an ráiteas mionsonraithe** |
|---|
| Sonraigh an doiciméid atá i gceangal thíos:<br>• |

***Ainm agus Sloinne*________________________________**

***Eagraíocht/Eintiteas/Roinn*_____________________**

***Feidhm*__________________________________________**

***Áit agus dáta an tsínithe*________________________**

***Síniú*________________________________________**

## Litir fógra chun cur in iúl do Bhallstá(i)t go bhfuil an chéad chéim ar tí tosú, ó ELA chuig Ballstá(i)t

| **Litir fógra** |
|---|

| Tá an chéad chéim den idirghabháil ar tí tosú |
|---|

*[An tUasal Cuir isteach ainm an tseolaí]*

*[Eagraíocht/eintiteas/roinn]*

*[Seoladh]*

*[Cathair]*

*[Cód poist]*

*[R-phost]*

**Ábhar: Fógra maidir le tús na chéad chéime den idirghabháil, Uimhir an cháis** [___]

Tag.: *[Scríobh an uimhir thagartha anseo]*

[Don té lena mbaineann/A chara],

Cuireann An tÚdarás Eorpach Saothair ('ELA' ina dhiaidh sin), in iúl leis seo do

[Ballstát Uimh. 1], ionadaithe ag [ainm ionadaí náisiúnta Uimh. 1], agus

[Ballstát Uimh. 2], ionadaithe ag [ainm ionadaí náisiúnta Uimh. 2]

**go bhfuil an chéad chéim de nós imeachta idirghabhála Uimh.** [____] **ar tí tosú.**

Tugtar le fios san fhógra seo go bhfuil tús á chur leis an gcéad chéim den idirghabháil. Tá **45 lá oibre ag Ballstáit chun an díospóid a idirghabháil, ón lá a gceapann ELA an t-idirghabhálaí.**

Dá réir sin, fiafraíonn ELA ar [Ballstát Uimh. 1] agus [Ballstát Uimh. 2] an méid seo a leanas a dhéanamh:

☐ comhaontú *laistigh de 10 lá oibre* ó sheoladh na chéad chéime den idirghabháil (i.e. ón dáta a fhaightear an litir fógra seo) maidir le hidirghabhálaí a bheadh in ann an díospóid a idirghabháil;

☐ ionadaí náisiúnta a cheapadh/a dheimhniú a leanfaidh an nós imeachta idirghabhála ó thús go deireadh.

Tugann ELA cuireadh do Bhallstáit freagairt, trí '**Freagair don litir fógra'**, atá i gceangal leis an doiciméad seo, leis an bhfaisnéis thuasluaite *laistigh de 10 lá oibre,* ionas gur féidir an t-idirghabhálaí atá roghnaithe ag na páirtithe a cheapadh.

Sa chás nach féidir leis na páirtithe idirghabhálaí a aimsiú a fhreastalaíonn ar riachtanais an dá pháirtí, roghnóidh ELA, de réir Airteagal 19(5) de na Rialacha Nós Imeachta d'idirghabháil ELA, an t-idirghabhálaí oiriúnach.

I gceangal leis an litir fógra seo, gheobhaidh na Ballstáit, ar páirtithe sa phróiseas idirghabhála seo iad, liosta de na hidirghabhálaithe atá ar fáil ónar féidir idirghabhálaí amháin a roghnú.

***Ainm agus Sloinne***______________________________

***Eagraíocht/Eintiteas/Roinn***____________________

***Feidhm***_______________________________________

***Áit agus dáta an tsínithe***______________________

***Síniú***______________________________________

**Doiciméid atá i gceangal leis an litir fógra:**

- **Freagair fógra maidir le tús na chéad chéime den idirghabháil (*Doic. Uimh. XIV*)**
- **Liosta idirghabhálaithe atá ar fáil don díospóid, roghnaithe ag ELA.**

## Freagair don fhógra go bhfuiltear ar tí tús a chur leis an gcéad chéim, ó Bhallstá(i)t chuig ELA

**Litir chun freagairt don fhógra go bhfuil**

**An chéad chéim den idirghabháil ar tí tosú**

*[An tUasal Cuir isteach ainm an tseolaí]*

Stiúrthóir Feidhmiúcháin/Ceann an Aonaid Tacaíochta Comhair

An tÚdarás Eorpach Saothair

Landererova 12

81109 An Bhratasláiv An tSlóvaic

mediation@ela.europa.eu

**Ábhar: Litir chun freagairt don fhógra maidir le tús na chéad chéime den idirghabháil**

Tag.: *[Scríobh an uimhir thagartha anseo]*

[Don té lena mbaineann/A chara],

Maidir leis an tagairt don fhógra maidir le tús na chéad chéime den idirghabháil, seolta ag an Údarás Eorpach Saothair ('ELA' ina dhiaidh seo), ar an [_____] lá de mhí [________________], sa bhliain [_____], tá an té thíos-sínithe, ó *[Sonraigh d'ainm agus do shloinne]* , i ról an *[Sonraigh do ról]*, thar ceann *[Ainm an Bhallstáit]*, ag deimhniú go bhfuil fógra faighte, ar an [_____] lá de mhí [________________], sa bhliain [_____].

| |
|---|
| Comhaontaíonn an té thíos-sínithe go sainráite an chéad chéim den idirghabháil a sheoladh. |
| *Sínigh anseo:* |
| Faomhann an té thíos-sínithe na hidirghabhálaithe thíos don nós imeachta idirghabhála iarrtha. |
| *Scríobh ainm agus sloinne an idirghabhálaí/na n-idirghabhálaithe roghnaithe anseo:* |
| *[Deimhníonn/Ceapann]* an té thíos-sínithe, an tUasal *[Ainm agus sloinne an ionadaí náisiúnta]* ionadaí náisiúnta thar ceann *[Ainm an Bhallstáit]*. |
| *Sínigh anseo:* |

***Ainm agus Sloinne***______________________________

***Eagraíocht/Eintiteas/Roinn***___________________

***Feidhm***_______________________________________

***Áit agus dáta an tsínithe***______________________

***Síniú***_______________________________________

## Teachtaireacht maidir le hachoimre, stíl agus rialacha idirghabhála ón idirghabhálaí/Cathaoirleach chuig ELA

| Teachtaireacht maidir leis an gcur chuige idirghabhála |
| --- |
| *[An tUasal Cuir isteach ainm an tseolaí]*<br>Stiúrthóir Feidhmiúcháin/Ceann an Aonaid Tacaíochta Comhair<br>An tÚdarás Eorpach Saothair<br>Landererova 12 |

81109 An Bhratasláiv An tSlóvaic

mediation@ela.europa.eu

**Ábhar: Teachtaireacht maidir leis an achoimre idirghabhála do Chás Uimh. [__]**

Tag.: *[Scríobh an uimhir thagartha anseo]*

[Don té lena mbaineann/A chara],

Tugaimse *[Céadainm agus sloinne]*, an té thíos-sínithe, i mo cháil mar *[idirghabhálaí/Cathaoirleach]* le haghaidh nós imeachta idirghabhála Uimh. [____], fógra don Údarás Eorpach Saothair, ('ELA' ina dhiaidh sin), i ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar na hábhair a fuarthas, comhairliúchán leis na páirtithe agus meastóireacht iomlán ar an díospóid, go bhfuil sé beartaithe agam an cur chuige seo a leanas a leanúint:

*Sonraigh cibé acu seo a leanas atá beartaithe agat:*

☐ Nós imeachta idirghabhála caighdeánach

☐ Nós imeachta idirghabhála treoraithe

☐ Nós imeachta eile (sonraigh sa bhosca thíos).

| *Tabhair tuilleadh sonraí maidir le do rogha:* |
|---|
| |

*Liostaigh na gnéithe ar fad a bhaineann le heagrú teicniúil ar mhaith leo a roinnt le ELA roimh sheoladh:*

☐ an chéad chéim den idirghabháil

☐ an dara céim den idirghabháil

*(e.g. amlíne, cruinnithe, etc.)*

***Ainm agus Sloinne*______________________________**

***Eagraíocht/Eintiteas/Roinn*___________________**

***Feidhm*_______________________________________**

***Áit agus dáta an tsínithe*______________________**

***Síniú*______________________________________**

## Litir fógra chun cur in iúl do Bhallstáit go bhfuil an dara céim ar tí tosú, ó ELA chuig Ballstá(i)t

| **Litir fógra**<br>**Tá an dara céim ar tí tosú** |
|---|
| *[An tUasal Cuir isteach ainm an tseolaí]*<br>*[Eagraíocht/eintiteas/roinn]*<br>*[Seoladh]*<br>*[Cathair]*<br>*[Cód poist]*<br>*[R-phost]* |

**Ábhar: Fógra maidir le tús na dara céime den idirghabháil, Uimhir an cháis** [___]

Tag.: *[Scríobh an uimhir thagartha anseo]*

[Don té lena mbaineann/A chara],

Cuireann n tÚdarás Eorpach Saothair (‘ELA’ ina dhiaidh seo)

in iúl leis seo

[Ballstát Uimh. 1], ionadaithe ag [ainm ionadaí náisiúnta Uimh. 1], agus

[Ballstát Uimh. 2], ionadaithe ag [ainm ionadaí náisiúnta Uimh. 2]

**Go bhfuil an dara céim de nós imeachta idirghabhála Uimh. [____] ar tí tosú.**

Tá **45 lá oibre ag Ballstáit chun an díospóid a idirghabháil, ón lá a gceapann ELA an Bord Idirghabhála nó ceann dá phainéil.**

Cuireann ELA in iúl do [Ballstát Uimh. 1] agus [Ballstát Uimh. 2], de réir Airteagal 16(3) de na Rialacha Nós Imeachta le haghaidh idirghabhála, go bhfuil na doiciméid seo a leanas á seoladh ag ELA chuig Cathaoirleach an Bhoird Idirghabhála *[An tUasal céadainm agus sloinne]*:

1) an tuarascáil fhíriciúil chríochnaitheach ullmhaithe ag an idirghabhálaí i ndiaidh na chéad chéime;

2) ráitis mhionsonraithe an Bhallstáit;

3) [Más infheidhme] aon fhaisnéis ábhartha bhreise eile agus/nó soiléiriú i ndáil leis an gcéad chéim den idirghabháil curtha ar fáil ag na Ballstáit ar páirtithe sa díospóid iad.

I gceangal leis an litir seo gheobhaidh tú litir shínithe toilithe ó [Ballstát Uimh. 1][Ballstát Uimh. 1] agus [Ballstát Uimh. 2] ina gcomhaontaítear dara céim a reáchtáil i ndiaidh na chéad chéime den idirghabháil, agus ina ndeimhnítear:

☐ ganntanas tuairim neamhcheangailteach ag deireadh na chéad chéime.

☐ comhaontú na mBallstát ar fad atá páirteach (féach ar ***‘Comhaontú tús a chur leis an dara céim idirghabhála’***).

***Ainm agus Sloinne***______________________________

***Eagraíocht/Eintiteas/Roinn***____________________

***Feidhm***_______________________________________

***Áit agus dáta an tsínithe***______________________

***Síniú***_____________________________________

**Doiciméid atá i gceangal leis an litir fógra:**

- **Comhaontú tús a chur leis an dara céim den idirghabháil (sínithe) *(Doic. Uimh. XXIII*)**

## Iarratas an tsaincheist a bhaineann le slándáil shóisialta a chur faoi bhráid an AC, ó Bhallstá(i)t go ELA

| Litir iarratais chun an díospóid a chur faoi bhráid an AC |
|---|
| Cuireann[Don té lena mbaineann/A chara],<br>[Ballstát Uimh. 1], ionadaithe ag [ainm an ionadaí náisiúnta Uimh. 1],<br>*(agus*<br>[Ballstát Uimh. 2], ionadaithe ag [ainm an ionadaí náisiúnta Uimh. 2])<br><br>in iúl<br><br>don Údarás Eorpach Saothair ('ELA' ina dhiaidh seo)<br><br>go mbaineann nós imeachta idirghabhála Uimh. [______], a seoladh ar an [_____] lá de mhí [_____________], sa bhliain [______],<br>**le saincheisteanna slándála sóisialta agus dá réir sin gur cheart é a chur faoi bhráid an Choimisiúin Riaracháin** ('AC' ina dhiaidh seo), (de réir Airteagal 11(2) de Rialacha Nós Imeachta d'idirghabháil an Údaráis Eorpaigh Saothair). |

| *Déan cur síos ar na saincheisteanna comhordaithe slándála sóisialta a sainaithníodh sa díospóid:* |
|---|
| *Scríobh do fhreagra anseo:* |

Dá réir sin, iarrann an Ballstát/na Ballstáit thuasluaite ar ELA an tsaincheist comhordaithe slándála sóisialta a bhaineann le nós imeachta idirghabhála Uimh. [_____] a chur faoi bhráid an AC, agus Airteagal 9(1) de Chomhaontú Comhair AC-ELA a chomhlíonadh.

Glacann an Ballstát iarrthach/na Ballstáit iarrthacha leis seo go seolfaidh ELA a ráiteas mionsonraithe ar aghaidh chuig an AC, chun cur ar chuma an AC an tsaincheist a mheas i gceart, de réir Airteagal 7(1) de Chomhaontú Comhair AC-ELA.

***Ainm agus Sloinne***______________________________

***Eagraíocht/Eintiteas/Roinn***___________________

***Feidhm***_______________________________________

***Áit agus dáta an tsínithe***______________________

***Síniú***______________________________________